# Síntiúis do Pháirtithe Polaitíochta

# 2017

*Tuarascáil chuig Cathaoirleach Dháil Éireann de bhun*
*alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**18 Sráid Líosain Íochtarach**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: (01) 6395666**
**Ríomhphost: sipo@sipo.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Iúil 2018**

# Clár Ábhar

Brollach ........ 2
Caibidil 1: Réamhrá ........ 3
Caibidil 2: Síntiúis ar nocht páirtithe polaitíochta iad ........ 4
Suim na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta ........ 4
Caibidil 3: Aonaid Chuntasaíochta ........ 5
Tábla na dtuairisceán a fuarthas ó Aonaid Chuntasaíochta maidir leis an mbliain 2017 ........ 6
Cistí a bhí á sealbhú ag aonaid chuntasaíochta sa bhliain 2017 ........ 6
Caibidil 4: Foilsiú Doiciméad Reachtúil ........ 8
Aguisín 1: Páirtithe Polaitíochta Cláraithe sa bhliain 2017 ........ 9
Aguisín 2: Sonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta don bhliain 2017 ........ 10

# Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a thabhairt don Cheann Comhairle (Cathaoirleach Dháil Éireann) de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú.  Pléitear sa tuarascáil seo leis na ráitis síntiús bliantúla/na deimhnithe síntiús airgid agus na dearbhuithe reachtúla maidir leis an mbliain 2017 a thug páirtithe polaitíochta don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 24 den Acht.

Daniel O'Keeffe

________________________

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe
Cathaoirleach
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Iúil 2018

# Caibidil 1: Réamhrá

Tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, ceanglaítear ar gach páirtí polaitíochta cláraithe ráiteas síntiús lena gcumhdaítear an bhliain fhéilire roimhe a thabhairt don Choimisiún um Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin).

Bhí dualgas ar na páirtithe polaitíochta go léir a bhí cláraithe sa bhliain 2017 a ráitis síntiús a thabhairt faoin 31 Eanáir 2018. Sa bhliain 2017, bhí 19 bpáirtí polaitíochta ann a bhí cláraithe agus a raibh dualgas orthu ráiteas síntiús a thabhairt. Dhíchláraigh an Páirtí Sóisialach ó Chlár na bPáirtithe Polaitíochta an 27 Meitheamh 2017. Dá bhrí sin, ní raibh ceangal air ráiteas a chur isteach ach go dtí an dáta sin.

Amhail spriocdháta an 31 Márta, chomhlíon 12 pháirtí polaitíochta na ceanglais reachtúla go hiomlán. Fuarthas na ráitis ar fad eile tar éis an dáta sin agus, mar sin de, tá na páirtithe go léir ag comhlíonadh na rialacha go substainteach.

Tá liosta de pháirtithe polaitíochta ar eisigh an Coimisiún foirm ráiteas síntiús chucu le fáil in Aguisín 1.

# Caibidil 2: Síntiúis ar nocht páirtithe polaitíochta iad

Sa ráiteas síntiús ó pháirtí polaitíochta, ní mór a léiriú cé acu a fuair nó nach bhfuair an páirtí síntiús nó síntiúis ar mhó a luach ná €1,500 ón aon fhoinse amháin sa bhliain fhéilire roimhe. Ní mór ainm agus seoladh poist an duine a ndearnadh an síntiús thar a cheann agus tuairisc air a thabhairt in éineacht leis na síntiúis a nochtar.

Is é €2,500 an luach uasta síntiús a bhféadfaidh páirtí polaitíochta glacadh leis ón aon duine amháin san aon bhliain fhéilire amháin. Ní fhéadfaidh páirtí glacadh le síntiús corparáideach ná le síntiús gnó ar mó a luach ná €200 ach amháin i gcás go bhfuil an síntiúsóir cláraithe mar Shíntiúsóir Corparáideach leis an gCoimisiún. Chomh maith leis sin, coisctear ar pháirtí polaitíochta glacadh le síntiúis eachtracha ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d’oileán na hÉireann. Mar an gcéanna, ní fhéadfar glacadh le síntiús ar bith, de luach ar bith, ó chomhlacht corpraithe nó ó chomhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann.

## Suim na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta

Ba é €156,699 luach iomlán na síntiús a nocht páirtithe le linn na bliana 2017. Tugtar in Aguisín 2 mionsonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta i ndáil leis an mbliain 2017. Tá achoimre ar na síntiúis a nochtadh tugtha thíos:

| **Páirtí** | **Iomlán na Síntiús a Nochtadh €** |
|---|---:|
| Fine Gael | 82,713 |
| Páirtí an Lucht Oibre | 21,750 |
| Sinn Féin | 47,436 |
| An Grúpa Gníomhaíochta d’Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe | 4,800 |
| **Iomlán** | **156,699** |

* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

## Caibidil 3: Aonaid Chuntasaíochta

De réir an tsainmhínithe a thugtar sna hAchtanna Toghcháin, ciallaíonn Aonad Cuntasaíochta craobh nó fo-eagraíocht eile de chuid páirtí polaitíochta a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús ar mó a luach ná €100. Ciallaíonn duine freagrach, i ndáil le haonad cuntasaíochta, an cisteoir nó aon duine eile atá freagrach as a bheith ag déileáil le síntiúis don aonad.

Ní mór d'aonad cuntasaíochta a fhaigheann síntiús airgid ar mó a luach ná €100 cuntas in institiúid airgeadais sa Stát a oscailt agus a choinneáil agus an síntiús sin agus aon síntiúis airgid bhreise a fhaigheann sé, is cuma cén luach a bhaineann leo, a thaisceadh sa chuntas sin.

Ní mór don duine freagrach de chuid aonad cuntasaíochta na nithe seo a leanas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Márta gach bliain:

* ráiteas ón institiúid airgeadais inar osclaíodh an cuntas síntiús polaitíochta ina sonraítear na hidirbhearta a rinneadh i ndáil leis an gcuntas sa bhliain roimhe (ráiteas bainc), agus

* deimhniú (Deimhniú Síntiús Airgid), a bhfuil a ainm leis, ina luaitear go ndearnadh na síntiúis airgid uile a fuarthas sa bhliain roimhe a thaisceadh sa chuntas agus gur chun críocha polaitiúla a úsáideadh na suimeanna uile a baineadh as an gcuntas, agus

* dearbhú reachtúil, a bhfuil a ainm leis, ina luaitear, de réir mar is fearr is eol don duine agus mar a chreideann sé, go bhfuil an deimhniú ceart i ngach ponc ábhartha agus go ndearnadh gach beart réasúnach chun é féin a shásamh go bhfuil an deimhniú cruinn.

Is cion é, faoi alt 25(1)(c) den Acht, don chisteoir/duine freagrach de chuid aonad cuntasaíochta mainneachtain an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin faoi deara gur tharraing roinnt aonaid chuntasaíochta aird ar na deacrachtaí a bhí acu an reachtaíocht a chomhlíonadh. Tríd is tríd, bhain na deacrachtaí leis an gceanglas ráitis ó institiúidí airgeadais a thabhairt.

Áiríodh leis na saincheisteanna sin:

- ráitis bhainc a rochtain don bhliain fhéilire roimhe sin roimh spriocdháta an 31 Márta;
- ráitis chuntais bhainc an pháirtí polaitíochta a aisghabháil mar thoradh ar athrú a bheith tagtha ar an duine freagrach; agus
- cuntais a dúnadh mar thoradh ar an reachtaíocht chun sciúradh airgid a chosc.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin faoi deara gur chuir aonaid chuntasaíochta in iúl go bhféadfadh gur phróiseas fada é an próiseas um chuntas síntiús polaitíochta a

oscailt agus go bhféadfadh sé sin moill a chur ar thaisceadh an tsíntiúis lena gceanglaítear go meastar craobh a bheith ina haonad cuntasaíochta chun críocha an Achta Toghcháin.

Chuir 84% d'aonaid chuntasaíochta a dtuairisceáin isteach chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin faoin spriocdháta an 31 Márta 2018. Ba é 87% an figiúr coibhéiseach don 31 Márta 2017.

## Tábla na dtuairisceán a fuarthas ó Aonaid Chuntasaíochta maidir leis an mbliain 2017

| Páirtí Polaitíochta | Suim iomlán na n-aonad cuntasaíochta | Tuairisceáin a fuarthas roimh an spriocdháta | Tuairisceáin a fuarthas tar éis an spriocdháta |
|---|---|---|---|
| Fine Gael | 39 | 37 | 2 |
| Fianna Fáil | 36 | 36 | 0 |
| Páirtí an Lucht Oibre | 31 | 23 | 8 |
| Sinn Féin | 11 | 4 | 7 |
| An Comhaontas Glas | 17 | 17 | 0 |
| Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús | 11 | 10 | 1 |
| Páirtí Cumannach na hÉireann | 1 | 0 | 1 |
| Daonlathas Duitse in Éirinn | 1 | 0 | 1 |
| Fís Nua | 1 | 1 | 0 |
| Aitheantas Éire | 1 | 1 | 0 |
| Neamhspleáigh ar son an Athraithe | 1 | 0 | 1 |
| An Páirtí Daonlathach Éireannach | 1 | 0 | 1 |
| Comhaontas Neamhspleách Chiarraí | 1 | 0 | 1 |
| RENUA Éireann | 1 | 0 | 1 |
| Na Daonlathaithe Sóisialta | 1 | 1 | 0 |
| An Páirtí Sóisialach | 1 | 1 | 0 |
| Páirtí na nOibrithe | 1 | 0 | 1 |
| An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe | 1 | 1 | 0 |
| Páirtí na nDaoine Aontaithe | 1 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **158** | **133** | **25** |

## Cistí a bhí á sealbhú ag aonaid chuntasaíochta sa bhliain 2017

Ní cheanglaítear ar aonaid chuntasaíochta ráiteas síntiús a chur isteach chuig an gCoimisiún. Mar sin, bíonn sé doiligh don Choimisiún a fháil amach cárb as a

dtagann an t-airgead atá á shealbhú i gcuntais síntiús polaitíochta na n-aonad cuntasaíochta. Ba é €922,508 an t-iarmhéid deiridh comhiomlán a bhí á shealbhú ag aonaid chuntasaíochta i ndáil leis an mbliain 2017. Tá an Coimisiún fós den tuairim gur gá an reachtaíocht a bheachtú tuilleadh chun a chinntiú go mbeidh trédhearcacht iomlán ann maidir le haonaid chuntasaíochta.

## Caibidil 4: Foilsiú Doiciméad Reachtúil

De réir alt 24(7)(a) den Acht, rinne an Coimisiún na ráitis síntiús/na dearbhuithe reachtúla a thug páirtithe polaitíochta a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas inniu.

De réir alt 73 den Acht, chuir an Coimisiún na ráitis síntiús/na dearbhuithe reachtúla ar fáil lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil ag an bpobal ina oifigí ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.  Tá an fhaisnéis ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

## Aguisín 1: Páirtithe Polaitíochta Cláraithe sa bhliain 2017

| |
|---|
| Páirtí Cumannach na hÉireann |
| Daonlathas Duitse in Éirinn |
| Fianna Fáil |
| Fine Gael |
| Fís Nua |
| An Comhaontas Glas |
| Aitheantas Éire |
| Neamhspleáigh ar son an Athraithe |
| An Páirtí Daonlathach Éireannach |
| Comhaontas Neamhspleách Chiarraí |
| Páirtí an Lucht Oibre |
| RENUA Éireann |
| Sinn Féin |
| Na Daonlathaithe Sóisialta |
| An Páirtí Sóisialach * |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús |
| Páirtí na nDaoine Aontaithe |
| Páirtí na nOibrithe |
| An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe |

* Dhíchláraigh an Páirtí Sóisialach ó Chlár na bPáirtithe Polaitíochta an 27 Meitheamh 2017

## Aguisín 2: Sonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta don bhliain 2017

**Fine Gael**

| Ainm an tsíntiúsóra | Cur síos ar an síntiúsóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Maria Bailey TD | Duine aonair | 1,913 |
| Seán Barrett TD | Duine aonair | 1,659 |
| Colm Brophy TD | Duine aonair | 1,959 |
| Richard Bruton TD | Duine aonair | 2,305 |
| An Seanadóir Colm Burke | Duine aonair | 1,916 |
| Peter Burke TD | Duine aonair | 1,590 |
| An Seanadóir Jerry Buttimer | Duine aonair | 1,584 |
| Catherine Byrne TD | Duine aonair | 1,994 |
| An Seanadóir Maria Byrne | Duine aonair | 1,519 |
| Ciarán Cannon TD | Duine aonair | 1,593 |
| Joe Carey TD | Duine aonair | 1,520 |
| Deirdre Clune FPE | Duine aonair | 2,075 |
| Marcella Corcoran Kennedy TD | Duine aonair | 1,631 |
| Simon Coveney TD | Duine aonair | 1,640 |
| Jim Daly TD | Duine aonair | 1,951 |
| Pat Deering TD | Duine aonair | 1,593 |
| Regina Doherty TD | Duine aonair | 1,653 |
| Paschal Donohoe TD | Duine aonair | 2,083 |
| Bernard Durkan TD | Duine aonair | 2,130 |
| Damien English TD | Duine aonair | 2,265 |
| Alan Farrell TD | Duine aonair | 1,666 |
| Frances Fitzgerald TD | Duine aonair | 1,710 |
| Charles Flanagan TD | Duine aonair | 1,710 |
| Simon Harris TD | Duine aonair | 2,071 |
| Brian Hayes FPE | Duine aonair | 2,317 |
| Martin Heydon TD | Duine aonair | 1,673 |
| Heather Humphreys TD | Duine aonair | 1,713 |
| Sean Kelly FPE | Duine aonair | 1,983 |
| Enda Kenny TD | Duine aonair | 1,640 |
| Seán Kyne TD | Duine aonair | 1,620 |
| Josepha Madigan TD | Duine aonair | 1,942 |
| Helen McEntee TD | Duine aonair | 1,990 |
| Mairead McGuinness FPE | Duine aonair | 2,490 |
| Joe McHugh TD | Duine aonair | 1,580 |

| | | |
|---|---|---|
| Tony McLoughlin TD | Duine aonair | 1,659 |
| Mary Mitchell O'Connor TD | Duine aonair | 1,598 |
| Dara Murphy TD | Duine aonair | 1,618 |
| Hildegarde Naughten TD | Duine aonair | 1,767 |
| Michael Noonan TD | Duine aonair | 1,716 |
| Kate O'Connell TD | Duine aonair | 1,628 |
| Patrick O'Donovan TD | Duine aonair | 1,736 |
| Fergus O'Dowd TD | Duine aonair | 1,923 |
| An Seanadóir Neale Richmond | Duine aonair | 1,514 |
| Noel Rock TD | Duine aonair | 1,583 |
| David Stanton TD | Duine aonair | 1,653 |
| Leo Varadkar TD | Duine aonair | 1,640 |
| **Iomlán** | | **82,713** |

**Páirtí an Lucht Oibre**

| Ainm an tsíntiúsóra | Cur síos ar an síntiúsóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| An Seanadóir Ivana Bacik | Duine aonair | 1,650 |
| Joan Burton TD | Duine aonair | 2,400 |
| An tUas. Robert Dowds | Duine aonair | 2,500 |
| Brendan Howlin TD | Duine aonair | 2,400 |
| Alan Kelly TD | Duine aonair | 1,800 |
| An tUas. Denis Landy | Duine aonair | 1,500 |
| An Seanadóir Gerald Nash | Duine aonair | 2,200 |
| Jan O'Sullivan TD | Duine aonair | 2,400 |
| Brendan Ryan TD | Duine aonair | 2,400 |
| Cumann na bhFoirne Tuarastail Iompair | * Síntiúsóir Corparáideach | 2,500 |
| **Iomlán** | | **21,750** |

* Síntiúsóir corparáideach cláraithe

**Sinn Féin**

| Ainm an tsíntiúsóra | Cur síos ar an síntiúsóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Gerry Adams TD | Duine aonair | 2,258 |
| Lynn Boylan FPE | Duine aonair | 2,288 |
| Matt Carthy FPE | Duine aonair | 2,496 |
| An Seanadóir Máire Devine | Duine aonair | 2,160 |
| Pearse Doherty TD | Duine aonair | 2,288 |

| | | |
|---|---|---|
| Martin Ferris TD | Duine aonair | 2,500 |
| An Seanadóir Paul Gavan | Duine aonair | 2,255 |
| An Seanadóir Pádraig Mac Lochlainn | Duine aonair | 2,460 |
| Mary Lou McDonald TD | Duine aonair | 2,500 |
| Denise Mitchell TD | Duine aonair | 2,255 |
| Imelda Munster TD | Duine aonair | 2,460 |
| Carol Nolan TD | Duine aonair | 2,500 |
| Liadh Ní Riada FPE | Duine aonair | 2,496 |
| Donnchadh Ó Laoghaire TD | Duine aonair | 2,460 |
| Louise O'Reilly TD | Duine aonair | 2,460 |
| Maurice Quinlivan TD | Duine aonair | 2,460 |
| Brian Stanley TD | Duine aonair | 2,500 |
| Peadar Tóibín TD | Duine aonair | 1,640 |
| An Seanadóir Rose Conway Walsh | Duine aonair | 2,500 |
| An Seanadóir Fintan Warfield | Duine aonair | 2,500 |
| **Iomlán** | | **47,436** |

* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

**An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe**

| Ainm an tsíntiúsóra | Cur síos ar an síntiúsóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| An Comh. Pat English | Duine aonair | 2,400 |
| Seamus Healy TD | Duine aonair | 2,400 |
| **Iomlán** | | **4,800** |